**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*Suí iomlánach*

**A10-0011/2024**

22.10.2024

*

# TUARASCÁIL

ar an dréacht-Treoir ón gComhairle maidir le Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha
(09925/2024 – C10-0002/2024 – 2023/0187(CNS))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Herbert Dorfmann

(Comhairliúchán athnuaite – Riail 86 de na Rialacha Nós Imeachta)

(Nós imeachta simplithe – Riail 52(1) de na Rialacha Nós Imeachta)

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ........................................................................................................8

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..........................................................................9

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréacht-Treoir ón gComhairle maidir le Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha**
**(09925/2024 – C10-0002/2024 – 2023/0187(CNS))**

**(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán athnuaite)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don dréacht ón gComhairle (09925/2024),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2023)0324),

– ag féachaint dá seasamh an 28 Feabhra 2024[1],

– ag féachaint d'Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís (C10-0002/2024),

– ag féachaint do Rialacha 84 agus 86 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0011/2024),

1. ag formheas an dréachta ón gComhairle;

2. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint an athuair má tá sé ar intinn aici an téacs atá formheasta ag an bParlaimint a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Téacsanna arna nglacadh, 28.02.2024, P9_TA(2024)0102 (Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

An 28 Iúil 2023, chuaigh an Chomhairle Eorpach i gcomhairle leis an bParlaimint ar thogra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Faoiseamh Níos Tapa agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha[1].

Thug an Pharlaimint a tuairim uaithi ar an 28 Feabhra 2024[2].

An 14 Bealtaine 2024, tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i leith na dréacht-Treorach[3].

I bhfianaise na ndifríochtaí bunúsacha, áfach, idir téacs an 19 Meitheamh 2023 ón gCoimisiún ar dá bhun a chuathas i gcomhairle leis an bParlaimint agus an téacs a comhaontaíodh d'aon ghuth sa Chomhairle, chinn an Chomhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint an athuair.

De réir an téacs a chomhaontaigh an Chomhairle, leis an treoir, tabharfar isteach deimhniú comhchoiteann digiteach AE um chónaí cánach (ríomh-DCC) agus dhá nós imeachta mheara lena gcomhlánaítear an nós imeachta caighdeánach aisíocaíochta atá ann cheana maidir le cánacha siarchoinneálacha, mar a mhol an Choimisiún. Cuireadh síneadh leis na spriocdhátaí d'eisiúint ríomh-DCC agus don chóras mear-aisíocaíochta, rud a dhéanann an faoiseamh cánach 'níos moille' ná mar a bhí beartaithe ar dtús ó thogra an Choimisiúin.

Ar cheann de na príomhathruithe tá an díolúine a soláthraíodh do na Ballstáit ag a bhfuil córas um fhaoiseamh ag an bhfoinse i bhfeidhm cheana féin agus a bhfuil margadh airgeadais réasúnta beag acu, i.e. nuair atá a gcóimheas caipitlithe margaidh faoi bhun thairseach 1,5% (mar a thuairiscigh ESMA).

Ina theannta sin, tugtar isteach leis an Treoir oibleagáid tuairiscithe d'idirghabhálaithe airgeadais, a mbeidh orthu clárú le hoifigigh phoiblí arna bhunú de bhun na Treorach seo chun go mbeidh siad in ann nósanna imeachta meara a iarraidh. Chomhaontaigh an Chomhairle Tairseach Eorpach na nIdirghabhálaithe Airgeadais Deimhnithe a chruthú chun an nós imeachta a shimpliú.

Ar deireadh, cuireann comhaontú an Chomhairle síneadh le spriocdháta an teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027, mar a fhoráiltear sa togra ón gCoimisiún, go dtí an 1 Eanáir 2030.

Sa litir uaithi ina n-iarrtar go rachfaí i gcomhairle an athuair, tá an Chomhairle ag iarraidh ar an bParlaimint a tuairim a thabhairt a luaithe is féidir agus faoin 31 Eanáir 2024 ar a dhéanaí. Is amhlaidh seo toisc gur mian leis na Ballstáit tosú ag obair, in éineacht leis na húdaráis chánach, leis an gCoimisiún agus le páirtithe leasmhara gnó, ar ghníomhartha a chur chun feidhme. Ba cheart a áireamh sna gníomhartha cur chun feidhme, mar shampla, ríomhfhoirmeacha caighdeánacha, lena n-áirítear na socruithe teanga, agus prótacail

---

[1] 19.06.2023 COM(2023)0324 Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE maidir le Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha.

[2] Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha

[3] Treoir ón gComhairle maidir le Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha a comhaontaíodh ag an gcruinniú den Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an 14 Bealtaine 2024 9925/24

theicniúla, lena n-áirítear caighdeáin slándála, do ríomh-DCC ar fud an Aontais.

Fós féin, leis an téacs a comhaontaíodh sa Chomhairle, cé nach bhfuil sé go hiomlán i gcomhréir leis an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa, tugtar isteach próiseas níos tapúla um fhaoiseamh cánach i gcomparáid leis an staid reatha. Thacaigh an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún le deimhniú leictreonach cónaitheachta (ríomh-DCC) a thabhairt isteach.

Ar an iomlán, ní hamháin gur céim sa treo ceart i dtreo infheistíochtaí trasteorann a éascú agus Aontas na Margaí Caipitil (AMC) a thabhairt chun críche is ea an comhaontú a rinne an Chomhairle. Tugtar isteach leis freisin roinnt bearta tábhachtacha chun calaois chánach nó mí-úsáid chánach a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le cánacha siarchoinneálacha a bhrath.

Is trua, áfach, gur chinn an Chomhairle an teacht i bhfeidhm a chur siar go dtí 2030, i bhfianaise a thábhachtaí atá comhlánú an AMC, mar atá léirithe le déanaí i dtuairiscí ó Mario Draghi agus Enrico Letta. I bhfianaise na deimhneachta dlíthiúla agus leas na saoránach próiseas aisíocaíochta i leith cánacha siarchoinneálacha) níos tapúla a bheith acu, ba cheart don Chomhairle an togra COM(2023)0324 maidir le Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha a ghlacadh go tapa.

Agus aird á tabhairt ar an am a theastaíonn chun an Treoir a thrasuí i reachtaíocht na mBallstát agus an toil pholaitiúil is gá chun dlús a chur lena glacadh, molann an Rapóirtéir go bhformheasfadh an Pharlaimint an togra gan leasuithe de bhun nós imeachta simplithe gan leasuithe (Riail 52).

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha |
| **Tagairtí** | 09925/2024 – C10-0002/2024 – COM(2023)0324 – C9-0204/2023 – 2023/0187(CNS) |
| **An dáta a ndearnadh comhairliúchán leis an bParlaimint** | 28.7.2023 |
| **Coistí freagracha** | ECON |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Herbert<br>Dorfmann<br>12.9.2024 |
| **Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh** | 14.10.2024 |
| **Pléite sa choiste** | 14.10.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 14.10.2024 |
| **Dáta don chur síos** | 22.10.2024 |